



PREASEISIÚINT

Sracfhéachaint ar chórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna san Eorpach

Tugann Cedefop léargas cruinn, soiléir agus praiticiúil ar chórais ghairmoideachais agus ghairmoiliúna (VET) i [bhfoilseachán nua](#) (i mBéarla), rud a thugann le chéile na príomhghnéithe agus na príomhshonraí VET i 30 tír: gach Ballstát AE, an Iorua agus an Íoslainn.



Cé go roinneann tíortha spriocanna agus dúshláin, tá a gcórais VET éagsúil, agus iad múnlaíthe ag comhthéacsanna agus traidisiúin socheacnamaíocha. Dírionn cnuasach na sraithe *Spotlight on VET* orthu siúd a bhfuil léargas ginearálta ag teastáil uathu ar ghnéithe ríthábhachtacha VET san Eoraip. Déantar ann áit VET i gcórais fhoriomlána oideachais agus oiliúna na dtíortha a shoiléiriú, cuirtear príomhbhealaí aontachais agus dul chun cinn i láthair d'fhoghlaimoirí; cineálacha agus leibhéal na gcáilíochtaí a bhaintear amach as na bealaí sin a leanúint; cineálacha clár, modhanna seachadta, cóimheas foghlama obairbhunaithe agus fad. Cuirtear i láthair é ar bhealach a chuidíonn le léitheoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta na córais dhifriúla a thuiscint agus éascaítear roinnt comparáidí.

Is pointe tosaigh úsáideach é an foilseachán seo do lucht déanta beartas, do chomhpháirtithe sóisialta, do shaineolaithe, do thaighdeoirí agus d'iriseoirí. Cuireann sé treoshuíomh ar fáil freisin do ghníomhaithe eile a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí a bhaineann le VET: Soláthraithe VET, múinteoirí agus oiliúnóirí; foireann treorach, cáilíochtaí agus bailíochtaithe; agus do léitheoirí eile ar mian leo iad féin a chur ar an eolas maidir le córais VET ar fud na hEorpa.

Léigh preaseisiúintí Cedefop [anseo](#).

Cláraigh le táirgí meán eile Cedefop (nuachtlitir, irisleabhar, nótaí faisnéise, etc.) trí [chuntas ar ár láithreán gréasáin](#) a chruthú.

Teagmháil

Oifigeach Preasa: Rosy Voudouri

Teil: +30 2310 490012, ríomhphost: rosy.voudouri@cedefop.europa.eu

Ceann na Roinne Cumarsáide: Gerd Oskar Bausewein

Teil: +30 2310 490288, ríomhphost: gerd-oskar.bausewein@cedefop.europa.eu

Eolas faoi Cedefop

Tacaíonn an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop), ar gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh í atá lonnaithe in Thessaloniki, an Ghréig, le ceapadh beartas san Eoraip i réimse an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna.

Nasc linn   